Cumann Gaeilge na hAstráile

Bí bródúil as do theanga

# An Fhuinneog Ghaelach

Cumann Gaeilge na hAstráile

Earrach 2006

1-09-2006

## "D'oscail siad mo dhá shúil" – Daragh Ó Tuama

Fáilte go dtí an t-eagrán seo atá ag teacht amach beagán níos luaithe sa téarma ná mar is gnách. De bhrí go bhfuil roinnt mhaith de na baill in Éirinn faoi láthair tá an téarma seo réasúnta ciúin. Bhí an Cruinniú Bliantúil againn ar an 20ú Meitheamh. Buíochas do na baill a bhí i láthair. Toghadh na daoine seo leanas :



*Wollongong students with teacher Keith Conroy (centre)*

Uachtarán - Cáit Ní Mhúdaigh

Leas- Uachtarán – Gabhán Ó Dubhthaigh

Rúnaí - Leyla Jevtovic

Cisteoir - Marc Ó Cléirigh

Buíochas ar leith do Eibhlín Uí Savedra as an sár obair atá déanta aici le trí bhliana anuas mar rúnaí agus fáilte is fiche roimh Leyla atá ag tógáil áit Eibhlín. Míle buíochas freisin don choiste a bhí againn anuraidh agus tá súil againn go ndéanfaidh an coiste nua atá againn i mbliana dea-obair ar son na teanga agus an Chumainn. Moladh freisin do Mharc agus Ghabhán atá ag feidhmiú fós mar Cisteoir agus Leas-Uachtarán.

Comhgháirdeas do Dhoireann de Faoite agus Máire Jhoomun a bhuaigh na scoláireachtaí a bhronn Oidhreacht Chorca Dhuibhne orainn. Tá súil againn go bhfuil siad ag baint taitneamh as an gcúrsa. Beidh Stuart agus mé féin ag taisteal go hÉirinn chun freastal ar chúrsa i nGleann Cholm Cille.

Bhuail scata den Chumainn le chéile ag an Scoil Gheimhridh i Sydney le déanaí agus nach torthúil an deireadh seachtaine a bhi ann. Tá bualadh bos tuillte ag Marcas de Faoite, an tAthair Micheál agus Donnchada as an sár obair a rinneadar chun an scoil a chur ar siúl. Bhí Daragh Ó Tuama ó Ghlór na nGael i láthair agus ba mhór an misneach agus an moladh a thug sé do Ghaeilgeoirí na hAstráile (A thuilleadh eolais istigh)

Comhgháirdeas do Arlene agus Marc – saolaíodh iníon, Caitlin, dóibh.

Coimeád saor an data 26ú Lúnasa nuair a bheidh an Céilí ar siúl i Halla na gCeardchumann. Táimid buíoch do Mhuiris Ó Mórdha agus Uinsionn Ó Gormáin atá ag déanamh na h-ullmhucháin. Bíodh do chlann agus do cháirde leat mar beidh oíche shuntasach ann.

Mo léan! Beidh mise in Éirinn ach beidh mo chroí libh. Go gcastar ar a chéile sinn arís faoi choimirce Dé sibh.

Cáit - Uachtarán

www.gaeilgesanastrail.com

**San Eagrán Seo..**

*"D'oscail siad mo dhá shúil"* 1

*Scoil Gheimhridh 2006* 2

*Filíocht Domhanda* 2

*Nuacht Ó Minnesota* 2

*Daonáireamh* 2

*President's Report* 3

*Festival of World Poetry* 3

*Diary dates* 3

*Census reminder* 3

# Scoil Gheimhridh 2006

Ag dul i bhfeabhas atá an Scoil Gheimhridh a bhí ar siúl i Sydney ar deireadh seachtaine 9-12 Meitheamh. Bhí méadú ar an líon daoine a d'fhreastail ar an scoil i mbliana le scoláirí ag teacht ó bheagnach gach stáit.

Bhí sceitimíni ar na heagraithe nuair a chinn Glór na nGael ar fheidhmeannach a sheoladh amach ó Éirinn chun bheith páirteach ann. Labhair Daragh Ó Tuama faoi obair Ghlór na nGael agus go h-áirithe faoin Chomórtas Domhanda a cuireadh ar bun anuraidh. Chuir sé in iúl gur pobal mór amháin teanga pobal na Gaeilge, cibé áit ina bhfuilimid ar domhan.

Chuaigh an scoil go mór i bhfeidhm air mar a scríobh sé i *Lá* tar éis filleadh abhaile dó: *"Ní raibh mé ag súil le rud chomh proifisiúnta agus chomh maith seo. D'oscail said mo dhá shúil dom maidir leis na rudaí atá ar siúl ó thaobh na teanga thar lear".* Is féidir a thuilleadh a léamh ar *Lá* 29/6/06 – www.nuacht.com agus ansin cliceáil ar PDFs.

Fuair an scoil tacaíocht freisin ó Fhoras na Gaeilge agus an Consaláid na hÉireann i Sydney. I rith na scoile fógraíodh go bhfuil an maoiniú ag an *Celtic Studies Foundation* anois Cathaoir sa Léinn Ceilteacha a bhunú ag Ollscoil Sydney agus go bhfuil ollamh le suim sna teangacha Ceilteacha á lorg acu. Dea-scéal é sin gan dabht. Bhain gach uile dhuine taitneamh as an Cór Albannach a bhí páirteach san cheolchoirm an oíche deireannach. Buíochas ó chroí do gach duine de na heagraithe.

**Winter School '06**

The Winter School, which took place in Sydney on the week-end of the 9-12 June goes from strength to strength. There was an increase in the number of people attending, with students coming from almost all states. The organizers were excited when Glór na nGael decided to send an officer to take part. Daragh Ó Tuama spoke of the work of Glór na nGael and especially about the Global Competition which was started last year. He said that the Irish language people were one big community wherever we are in the world.

He was very impressed with the school, as he wrote in the Irish language paper *Lá* on his return home : *"I wasn't expecting anything so professional or so good. My eyes were opened as regards the things that are being done for the language overseas"* You can read more of his report in *Lá* 29/6/06 – www.nuacht.com and then go to PDFs.

The school also received support from Foras na Gaeilge and the Irish Consulate in Sydney. During the School it was announced that the Celtic Studies Foundation now has the finances to establish a chair in Celtic Studies at the University of Sydney. This is wonderful news.

Everyone enjoyed the singing of the Scots Gaelic choir at the concert on the final night.

Heartfelt thanks to the organizers.

Ar an 29ú Iúl chuaigh Cáit agus Siún go dtí an séisiún deireanach den chéad fhéile Filíocht Domhanda "In Other Words". Seo féile filíochta faoi aistriúchán. Tá sé riaraithe ag pobal na hIodáile le cabhair ó Multicultural Arts Victoria agus Centre for Ideas at the VCA.

Bhí tráthnóna aoibhinn ann le amhránaíocht agus filíocht. Léigh Siún an t-aistriúchán Gaeilge de dhán a bhí curtha ós ár gcomhair trí Bhéarla agus Iodáilis freisin. Ní raibh gá eolas na teanga a bheith agat chun mothú an dháin a thuiscint.

Ba mhór an deis é seo chun deifríocht cultúr a léiriú

Students using the book "Progress in Irish" have often remarked how much better it would be with an index to all the grammatical content.

Our friends at Gaeltacht Minnesota have compiled an index for learners and you can now find it on our website. It is for free distribution to all teachers and students of Irish.

# Daonáireamh 2006

Beidh Daonáireamh Ginearálta ar siúl san Astráil ar an 8ú Lúnasa. Beidh ceist ann ar na teangacha a bhfuil á labhairt againn sa bhaile. Má tá suim ar bith agaibh sa teanga na nGael ná bíodh drogall oraibh Gaeilge a chur síos mar freagra amháin, fiú má tá Béarla nó teangacha eile curtha síos freisin.

# President's report

Welcome to an early spring edition of An Fhuinneog Ghaelach. This term has been relatively quiet with quite a lot of members in Ireland. The Cumann had its AGM on 20 June. My thanks to all the members who attended. Executive and Committee members were elected for the coming year as follows:

President : Kate Moody

Vice President: Gavan Duffy

Secretary: Leyla Jevtovic

Treasurer: Mark Clarke

A special thank you to Eileen Savedra who was our secretary for the last three years for all her hard work and welcome to Leyla our new secretary. Thanks also to our outgoing committee members for their time and commitment. I welcome not only our returning committee members Vincent O Gorman Maurice Moore, Joan Moloney, Paula Kehoe and Una de Neefe, but also our new committee members Sean Kealy, Sean Rickarby, Eamonn O Riain, Eileen Savedra. I hope we have a good year working to promote the Cumann and the language. Thanks to Mark and Gavan for once again taking on the roles of Vice President and Treasurer.

Congratulations to Dorothy White and Maire Jhoomun who received the scholarships to Corca Dhuibhne. I hope they enjoy the course and that it assists them in using the language. Stuart and myself will also be travelling to Ireland to attend courses at Oideas Gael in Glen Colm Cille.

Some of our members attended the recent Scoil Gheimhridh in Sydney on the long weekend in June and what an enjoyable weekend it was. Again we are grateful to Mark White, Fr Michael and Donnchada for all the time and effort they put into what was again a successful school. Daragh O Tuama from Glor na nGael was also present which gave the language groups here in Aust a chance to discuss what our needs, concerns etc are.

Congratulations also to Mark and Arlene on the birth of their daughter Caitlin.

One upcoming event is our ceili to be held on Aug 26 in Trades Hall. Our thanks to Maurice Moore and Vincent O Gorman for all their hard work so far in organising this event. Be sure to bring your family and friends and make it a night to remember! Unfortunately I will be in Ireland but will be there in spirit !

Work hard and see you in October, Cáit

## Festival of World Poetry

On the 29th July Joan and Kate went to the closing party of the inaugural World Poetry festival "In Other Words" at Café Belfiore in Brunswick. This is a festival of poetry in translation. It is organized by the Italian community and supported by Multicultural Arts Victoria and Centre for Ideas at the Victorian College of the Arts.

The afternoon was a most pleasurable one of song and spoken word. Joan read the Irish translation of a poem which was also read in English and Italian. One did not need to understand all three languages to feel the emotion of the poem portrayed.

This was a great opportunity for a meeting of cultures.

See www.worldpoetrymelbourne.org.

## Census 2006

There will be a General Census in Australia on the 8th August. One of the questions concerns the languages we speak at home. If you have an interest in the language of the Gaels, don't be reluctant to put down Irish as one answer, even if English or other languages are put down also.



Céilí Mór

August 26th 2007

Trades Hall, cnr Lygon and Victoria Streets.

Cost $20 includes finger food. Bar facilities available

Contact Maurice Moore 9720 7735

Daonscoil '07

January 7th – 14th 2007

Lady Northcote Recreation Camp,

Rowsley, Vic

(near Bacchus Marsh)

Full details and application form will be in our next newsletter due out at end of Nov, or check the Cumann website for latest information

www.gaeilgesanastrail.com

**Cumann Gaeilge na hAstráile**

# *Cumann Gaeilge na hAstráile Teo*

Éarlamh: Máire Mhic Ghiolla Íosa

*IRISH LANGUAGE ASSOCIATION*

*OF AUSTRALIA INC.*

Patron: Mary McAleese, President of Ireland



*Tá Gaeilge agam le fada, nach bhfuil sé sin ceart a stór ?*

Cumann Gaeilge na hAstráile, the Irish Language Association of Australia is a non-profit organisation run entirely by volunteer tutors and a voluntary committee of management. Its aim is to promote the Gaelic language as a second language within the Australian community, and to form networks with other cultural, heritage and Gaelic-speaking groups.

Formally established back in 1992, the ILAA offers structured weekly language classes to students of all ages, nationalities, and walks of life, across a range of levels — absolute beginners, basic, intermediate, advanced — as well as the opportunity to practice and converse together in a supportive environment. Members receive a quarterly newsletter; access to the library; and also enjoy weekly singing and informal conversation sessions; as well as participation in occasional social events and residential language schools.

Irish Language Association of Australia Inc., 320 Queen Street, Melbourne VIC, 3000.

# Annual Membership Application

or notification of change of address, telephone number, mobile, email.

☐ New Membership ☐ Renewal ☐ Update

Sloinne ..................................................................
(surname)

Céad ainm .............................................................
(first name)

Seoladh .................................................................
(address)

.................................................................

Guthán (bh) ................................................................
(phone)

(ah) ................................................................

Fón póca ................................................................
(mobile)

Ríomhphost ................................................................
(email)

Membership fee is $30 per annum and due each January. Class fee is $3 per week.